Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7207/23**

**PECHE 73**
**ENV 212**
**POLMAR 11**
**ENER 106**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Pacáiste iascaigh<br>(a) Teachtaireacht maidir leis an gcomhbheartas iascaigh inniu agus amárach: Comhshocrú Iascaigh agus Aigéan i dtreo bainistiú iascaigh atá inbhuanaithe, eolaíochtbhunaithe, nuálach agus cuimsitheach<br>(b) Tuarascáil maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe<br>(c) Teachtaireacht maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais: éiceachórais mhuirí a chosaint agus a athbhunú ar mhaithe le hiascaigh inbhuanaithe athléimneacha<br>(d) Teachtaireacht maidir le hAistriú Fuinnimh in Earnáil Iascaigh agus Dobharshaothraithe an Aontais<br>- Cur i láthair ón gCoimisiún<br>- Malartú tuairimí |

1. An 21 Feabhra 2023, chuir an Coimisiún pacáiste beartais iascaigh faoi bhráid na Comhairle, ina raibh na ceithre dhoiciméad atá san ábhar, arb é is aidhm dó inbhuanaitheacht agus athléimneacht earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais a fheabhsú. Comhlánaíonn na trí theachtaireacht agus an tuarascáil a chéile, mar téann siad i ngleic le gnéithe éagsúla den Chomhbheartas Iascaigh agus moltar iontu bearta atá dírithe ar phobail iascaigh agus chósta, ar éiceachóras na mara, ar rialachas agus ar nuálaíocht. Sa chiall sin, molann an Coimisiún ‘Comhshocrú Iascaigh agus Aigéan’ chun réiteach a fháil idir gnéithe comhshaoil agus socheacnamaíocha agus chun na geallsealbhóirí uile a thabhairt le chéile chun todhchaí choiteann bheartas iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais a mhúnlú, ar beartas é lena gcuirfear le timpeallacht shláintiúil mhuirí agus le lorg carbóin laghdaithe.

2. An 9 Márta 2023, rinneadh an chéad chur i láthair agus malartú tuairimí maidir leis na ceithre dhoiciméad sin ag an Meitheal um an mBeartas Iascaigh.

3. Iarrfar ar an gComhairle malartú tuairimí a thionól maidir leis an bpacáiste beartais sin, agus é mar aidhm rannchuidiú le hullmhú na ndréachtchonclúidí ón gComhairle. Molann an Uachtaránacht struchtúr a chur ar an díospóireacht sa Chomhairle i dteannta na dtrí cheist seo a leanas:

a) Cad iad na príomhthosaíochtaí atá agat le haghaidh todhchaí inbhuanaithe athléimneach d'earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais, agus an comhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair á chur san áireamh freisin?

b) I do thuairimse, cad iad na príomhghnéithe a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a mholann an Coimisiún ina phacáiste?

c) Cuid lárnach de phacáiste an Choimisiúin is ea oibriú níos dlúithe leis na geallsealbhóirí uile trí Chomhshocrú Iascaigh agus Aigéin a d'fhéadfadh a bheith ann agus trí Chomhpháirtíocht um Aistriú Fuinnimh. Conas a shamhlófá an comhar sin ó thaobh Ballstáit de agus na gníomhaithe uile lena mbaineann páirteach ann?